



TEACHTAIREACHT ÓN gCOIMISIÚN

An dara Treoirnóta maidir leis an Ardán um Theicneolaíochtaí Straitéiseacha don Eoraip (STEP) lena ndéantar soiléiriú ar ghnéithe de Rialachán (AE) 2024/795 agus de Theachtaireacht C/2024/3209 ón gCoimisiún

(C/2025/6798)

Is é is aidhm don dara Treoirnóta neamhcheangailteach seo ón gCoimisiún treoir phraiticiúil a chur ar fáil maidir le forálacha ar leith de Rialachán (AE) 2024/795 (Rialachán STEP), cur chun feidhme a éascú, agus ceachtanna ó chur chun feidhme ar an láthair á gcur san áireamh, chomh maith le leasuithe a rinneadh ar Rialachán STEP le Rialachán (AE) 2025/2653 ⁽¹⁾ (an mion-omnibus cosanta). Cé go ndéantar athleagan ó am go chéile ar reachtaíocht an Aontais sa Nóta, níl sé ceaptha cur leis na cearta agus na hoibleagáidí i Rialachán STEP ná iad a laghdú. Chun measúnú a dhéanamh ar incháilitheacht tionscadail do dheis chistiúcháin shonrach faoi Rialachán STEP, iarrtar ar thionscnóirí tionscadail tagairt a dhéanamh do rialacha an chlár ábhartha (e.g., mar a shainítear sna bunghníomhartha, sna cláir oibre bhliantúla, sna glaonna agus sna tuairiscí ar thopaicí lena mbaineann), ós rud é go bhfuil feidhm acu seo go fóill. Ní ionstraim chistiúcháin nua é STEP ach oibríonn sé trí chlár de chuid an Aontais atá ann cheana. Cuirtear sa Nóta seo leis an gcéad Treoraíocht a eisíodh i mí na Bealtaine 2024, atá bailí go fóill. Tá sé beartaithe tuilleadh faisnéise a thabhairt do thionscnóirí tionscadail agus d'údaráis bhainistíochta maidir leis an tslí chun STEP a chur chun feidhme.

RÉAMHRÁ

Leis an Ardán um Theicneolaíochtaí Straitéiseacha don Eoraip (STEP), arna bhunú le Rialachán (AE) 2024/795, tacaítear le forbairt agus le monarú teicneolaíochtaí criticiúla san Aontas atá ábhartha dár n-iomaíocht; mar aon leis na scileanna is gá chun na cuspóirí sin a bhaint amach.

D'fhoilsigh an Coimisiún an chéad Treoirnóta neamhcheangailteach i mí na Bealtaine 2024 ⁽²⁾ chun treoir phraiticiúil a sholáthar ar fhorálacha áirithe de Rialachán STEP agus chun cur chun feidhme a éascú. Leis an mion-omnibus cosanta, leasaítear Airteagal 2(7) de Rialachán STEP, ina n-iarrtar ar an gCoimisiún an Treoirnóta a thabhairt cothrom le dáta chun teicneolaíochtaí cosanta a chumhdach.

Sa dara Treoirnóta seo, tugtar freagra ar an sainordú sin agus ar iarratais ar aiseolas agus ar shoiléiriú a d'eascair as cur chun feidhme STEP. Soiléirítear ann tacaíocht STEP do theicneolaíochtaí cosanta agus faisnéis eile atá ábhartha chun teicneolaíochtaí chriticiúla a fhorbairt nó a mhonarú. Tá sé gan dochar do rialacha iomaíochta, go háirithe státcabhair. **Ba cheart é a léamh i gcomhar leis an gcéad Treoirnóta, a bheidh ábhartha fós agus a mbeidh feidhm feasta aige ar theicneolaíochtaí cosanta chomh maith.**

1. Cuspóirí STEP

Leagtar amach na príomhchuspóirí in Airteagal 2(1) de Rialachán STEP: (a) tacú le forbairt nó monarú teicneolaíochtaí criticiúla ar fud an Aontais, nó a slabhraí luacha faoi seach a choimirciú agus a neartú; (b) aghaidh a thabhairt ar ghanntanais saothair agus scileanna atá criticiúil do gach cineál post ardcháilíochta chun tacú leis an gcéad chuspóir.

Leagadh na cuspóirí sin amach sa chéad Treoir STEP, a dtugtar tuilleadh faisnéise ina leith thíos agus a bhfuil feidhm acu ar theicneolaíochtaí cosanta.

⁽¹⁾ IO L, 2025/2653, 22.12.2025, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2025/2653/oj>.

⁽²⁾ Teachtaireacht C/2024/3209 ón gCoimisiún, Treoirnóta maidir le forálacha áirithe de Rialachán (AE) 2024/795 lena mbunaítear an tArdán um Theicneolaíochtaí Straitéiseacha don Eoraip (STEP), 2024, atá ar fáil ag: https://strategic-technologies.europa.eu/step-documents_ga.

1.1. *Tacú le forbairt nó monarú teicneolaíochtaí criticiúla ar fud an Aontais, nó a slabhraí luacha faoi seach a choimirciú agus a neartú*

— Tionscadail straitéiseacha faoin nGníomh um Tháirgí Íocshláinte Criticiúla

I mí an Mhárta 2025, mhol an Coimisiún an Gníomh um Tháirgí Íocshláinte Criticiúla ⁽³⁾ chun feabhas a chur ar infhaighteacht, soláthar agus táirgeadh táirgí íocshláinte criticiúla laistigh den Aontas. Leis an nGníomh um Tháirgí Íocshláinte Criticiúla atá beartaithe, leasófaí Rialachán STEP chun an chóireáil atá ann faoi láthair faoi STEP de thionscadail a mheastar a bheith straitéiseach faoin nGníomh um an Tionscal Glan-nialasachta agus faoin nGníomh Eorpach um Amhábhair Chriticiúla ⁽⁴⁾ agus faoin nGníomh um Tháirgí Íocshláinte Criticiúla a ailíniú.

Dá bharr sin, tionscadail straitéiseacha arna n-ainmniú i gcomhréir leis an nGníomh um Tháirgí Íocshláinte Criticiúla lena dtugtar aghaidh ar leochaileacht i slabhraí soláthair táirgí íocshláinte criticiúla, ní mór a mheas go rannchuidíonn siad leis an gcuspóir STEP dá dtagraítear i mír 2(1), pointe (a)(iii) de Rialachán STEP. Mar sin féin, ní bheidh eagraíochtaí i dteideal maoiniú ón Aontas go huathoibríoch leis sin, ná uathdhámhachtain Shéala STEP. In aon chás, ní mór aon mhaoiniú a bheith i gcomhréir le rialacha maidir le státchabhair an Aontais.

— Athchúrsáil agus bainistiú dramhaíola lena n-áirítear amhábhair chriticiúla

D'fhéadfadh tionscadail athchúrsála agus bainistithe dramhaíola a bheith faoi STEP i gcás ina mbaineann forbairt nó monarú teicneolaíochtaí athchúrsála nua leo, nó ina bhfuil rannchuidiú díreach uathu chun slabhraí luacha a neartú le haghaidh amhábhair chriticiúla atá in úsáid i dteicneolaíochtaí faoi STEP. Os a choinne sin, ní minic tionscadail atá teoranta do phróisis athchúrsála atá ar fáil ar bhonn tráchtála a chur in úsáid a bheith incháilithe faoi STEP.

Faoi Airteagal 2(3) de Rialachán STEP, is féidir le tionscadail a bhaineann le hAmhábhair Chriticiúla a bheith sa raon feidhme má chosnaítear agus neartaítear slabhraí luacha teicneolaíochtaí criticiúla leo, ní hamháin i gcás inar tionscadail 'straitéiseacha' iad faoin nGníomh Eorpach um Amhábhair Chriticiúla ⁽⁵⁾. Ceanglófar go dtacóidh tionscadail fós cuspóirí STEP agus go ndéanfaidh coinníoll STEP amháin ar a laghad a chomhlíonadh chun go measfar iad a bheith criticiúil (féach roinn 3 den chéad Treoirnóta). Dá réir sin:

- Más rud é go bhforbraítear teicneolaíocht chriticiúil athchúrsála/bainistithe dramhaíola nua le linn an tionscadail, d'fhéadfaí a mheas go gcomhlíonann sé cuspóirí agus coinníollacha STEP (nuálaíocht nó spleáchais a chosc/laghdú).
- Más rud é go mbraitear sa tionscadal ar theicneolaíocht atá ar fáil ar bhonn tráchtála, beidh feidhm ag rialacha an Ghnímh Eorpaigh um Amhábhair Chriticiúla dá bhrí sin:
 - Más amhábhair straitéiseach an t-ábhar arna aisghabháil (Iarscríbhinn I a ghabhann leis an nGníomh Eorpach um Amhábhair Chriticiúla), ní mór an tionscadal a sheiceáil maidir leis an sainmhíniú ar 'tionscadail straitéiseach' an Ghnímh Eorpaigh um Amhábhair Chriticiúla (Airteagal 6). Faoi Airteagal 2(5) de Rialachán STEP, beidh tionscadail a mheastar a bheith straitéiseach faoin nGníomh Eorpach um Amhábhair Chriticiúla go huathoibríoch faoi raon feidhme STEP.
 - Más amhábhair straitéiseach criticiúil an t-ábhar arna aisghabháil (Iarscríbhinn II a ghabhann leis an nGníomh Eorpach um Amhábhair Chriticiúla), is féidir an tionscal a mheas mar sheirbhís ghaolmhar atá criticiúil agus sonrach d'fhorbairt nó do mhonarú teicneolaíochtaí STEP, ar choinníoll gur léir go dtacaítear le slabhraí luacha leis.

I gcás tionscadal athchúrsála nó bainistithe dramhaíola eile nach bhfuil nasc acu le hAmhábhair Chriticiúla, ní féidir ach le tionscadail ina bhforbraítear nó ina monaraítear teicneolaíochtaí criticiúla (i.e., ina dtacaítear le cuspóirí STEP agus a gcomhlíontar coinníoll amháin ar a laghad de chuid STEP) cáiliú faoi STEP.

1.1.1. *Tacú le forbairt nó monarú teicneolaíochtaí criticiúla ar fud an Aontais*

Faoi Rialachán STEP agus an chéad Treoirnóta, ní chumhdaítear le STEP suiteáil ná cur in úsáid na dtáirgí deiridh. Mar sin féin, féadfar go gcumhdófar seirbhísí gaolta atá criticiúil agus sonrach d'fhorbairt agus do mhonarú na dtáirgí sin sna hearnálacha STEP (féach roinn 1.1.2 den chéad Treoirnóta), lena n-áirítear an cás ina bhféadfaidh an cur in úsáid a bheith ailínithe le STEP má cháilíonn sé mar sheirbhís ghaolta.

⁽³⁾ Togra le haghaidh Rialacháin lena leagtar síos creat chun an infhaighteacht agus an tslándáil soláthair ar tháirgí íocshláinte criticiúla a neartú mar aon le hinfaighteacht agus inrochtaineacht táirgí íocshláinte leasa choitinn, agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2024/795, an 11 Márta 2025, ar fáil ag: <https://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/TXT/?uri=celex%3A52025PC0102>.

⁽⁴⁾ Féach roinn 3.3 den chéad Treoirnóta, ar fáil ag: https://strategic-technologies.europa.eu/step-documents_ga.

⁽⁵⁾ Rialachán (AE) 2024/1252 lena mbunaítear creat chun soláthar slán inbhuanaithe amhábhair criticiúil a áirithiú agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 168/2013, (AE) 2018/858, (AE) 2018/1724 agus (AE) 2019/1020, an 11 Aibreán 2024, ar fáil ag: <http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1252/oj>.

Faoi gcéad Treoirnóta, chun críche incháilitheacht faoi Rialachán STEP, ba cheart a thuiscint go n-áirítear tionscnamh línte táirgthe nua sa mhonarú, lena n-áirítear saoráidí ceannródaíocha (féach Roinn 1 den chéad Treoirnóta). D'fhéadfadh cur in úsáid saoráidí ceannródaíocha a bheith incháilithe i gcás ina bhfuil ról lárnach acu i dteicneolaíocht an-nuálach a fhorbairt nó in uas-scálú próisis nuálaigh nár taispeánadh ach ar scála píolótach roimhe seo, ar choinníoll don teicneolaíocht nó don phróiseas (i) rannchuidiú le cuspóirí STEP agus (ii) comhlíonadh ceann amháin ar a laghad de choinníollacha STEP.

D'fhéadfadh STEP tacú le tionscadail ina dtionscnaítear línte táirgthe, ar choinníoll go dtacaíonn na gníomhaíochtaí den chuid is mó le forbairt nó le monarú teicneolaíochtaí criticiúla sna hearnálacha STEP (e.g., saoráidí ceannródaíocha, línte píolótacha, nó uas-scálú próiseas nuálach). Ar an taobh eile, cur chun feidhme forleathan nó gnáth-olltáirgeadh críochntháirgí, chomh maith le gníomhaíochtaí breise nach bhfuil criticiúil agus sonrach d'fhorbairt ná do mhonarú teicneolaíochtaí criticiúla, ní thagann siad faoi raon feidhme STEP.

Mar shampla, le feithiclí leictreacha, féadfaidh STEP tacú le forbairt nó le monarú teicneolaíochtaí criticiúla (e.g., córais tiomána leictre, ceallraí ardforbartha, leictreonaic chumhachta agus córais bhainistíochta fuinnimh) ar choinníoll go bhfuil na teicneolaíochtaí in earnálacha STEP agus go gcomhlíonann siad cuspóirí STEP, lena n-áirítear coinníollacha STEP. Mar sin féin, ní bheadh táirgeadh forleathan d'fheithiclí leictreacha, ná gníomhaíochtaí breise amhail siopaí péinte, incháilithe faoi STEP.

Mar shampla, d'fhéadfadh cur in úsáid leictrealóirí a bheith incháilithe faoi STEP ar choinníoll go ndéanfaítear tacaíocht le haghaidh teicneolaíocht atá ceannródaíoch nuair a dhéantar an measúnú incháilitheachta agus go mbeadh nuálaíocht shuntasach dá bharr: (1) tá toilleadh an leictrealóra níos mó ná an urscotocht reatha (i.e. Ní mheastar < 20 MW a bheith nuálach); nó (2) tá teicneolaíocht nuálach ann nach Breosla-Chill Scannáin Prótónmhalartúcháin/Ceallra Alcaileach caighdeánach í (e.g., ceallra leictrealóra ocsaíde sholadaigh); nó (3) toisc go bhfuil siad mar chuid de thionscadal/réiteach comhtháite an-nuálach nó toisc go bhfuil feidhmiú nuálach, nó samhail ghnó nuálach acu, agus toisc nach bhfuil aon tionscadal dá leithéid curtha in úsáid san Aontas go fóill nó go bhfuil saintréithe tábhachtacha atá níos fearr ag an taisealbhaidh i dtéarmaí acmhainneachta don nuálaíocht i gcomparáid le tionscadail chomhchosúla.

Mar shampla, i réimse na mbith-theicneolaíochtaí, is féidir go n-áirítear leis sin i measc nithe eile agus i gcomhréir leis an Straitéis um Fhrithbhearta Leighis agus le tionscadail a fhaigheann tacaíocht cheana féin faoi chlár EU4Health, seoladh glaonna ar mhonarú nuálach a áirithítear le hinfheistíochtaí i monarú teicneolaíochtaí nuálacha atá athléimneach, inscálaithe, cliste, módúlach agus solúbtha, chomh maith le glaonna ar phróisis le haghaidh táirgeadh fhrithbheart leighis agus teicneolaíochtaí le haghaidh slándáil láithreán táirgeachta (amhail cibearshlándáil). Meastar go dtiocfaidh monarú inbhuanaithe athléimneach atá níos solúbtha agus níos éasca le méadú de bharr na ngníomhaíochtaí sin, rud a éascóidh inniúlacht níos fearr maidir le freagra a thabhairt ar shithí san éileamh agus le ganntanais fhrithbheart leighis a chosc chomh maith le hiomaíochas níos fearr thionscal monaraíochta an Aontais agus tacaíocht níos fearr d'uathriail straitéiseach an Aontais agus straitéis thionsclaíoch an Aontais i réimse na bhfrithbheart leighis.

1.1.2. Samplaí eile

I gcomhréir leis an gcéad Treoirnóta, áirítear le 'seirbhísí gaolta' seirbhísí speisialtóireachta atá criticiúil agus sonrach d'fhorbairt agus do mhonarú críochntháirgí a thagann faoi raon feidhme STEP iad féin. Mar sin féin, níl ach bonneagar nó trealamh atá criticiúil agus sonrach d'fhorbairt agus do mhonarú teicneolaíochtaí criticiúla nó scileanna ábhartha incháilithe faoi STEP. Níl bonneagar ilchuspóireach incháilithe mar thionscadal leis féin, ach d'fhéadfaí costais choimhdeachta a áireamh más ceadmhach sin faoi rialacha clár-shonracha ⁽⁶⁾. D'fhéadfaí ceannachán talún mar chuid de thionscadal a mheas a bheith incháilithe mar chostas coimhdeachta, i gcomhréir le rialacha clár-shonracha. Níor cheart é a bheith ina chuid shuntasach de chaiteachas an tionscadail.

D'fhéadfadh gníomhaíochtaí aistrithe teicneolaíochta cáiliú faoi STEP, ar choinníoll gur léir go rannchuidíonn siad le forbairt agus le monarú teicneolaíochtaí STEP i gceann de na hearnálacha STEP agus go gcomhlíonann siad ceann amháin ar a laghad de choinníollacha STEP. D'fhéadfadh tionscadail ina dtacaítear le héiceachórais a bheith ábhartha do STEP, ar choinníoll go dtacaíonn a ngníomhaíochtaí aschuir den chuid is mó le forbairt nó le monarú teicneolaíochtaí criticiúla. Mar shamplaí d'éiceachórais tá ionaid inniúlachta, moil, páirceanna teicneolaíochta agus braislí.

⁽⁶⁾ Iarrtar ar léitheoirí dul i gcomhairle le rialacha gach ceann de na 11 chlár agus chiste STEP.

1.2. *Aghaidh a thabhairt ar ghanntanais saothair agus scileanna*

Is cuspóir de chuid STEP é aghaidh a thabhairt ar ghanntanais saothair agus scileanna atá rithábachtach do gach cineál poist ardcháilíochta. Is féidir tacaíocht a thabhairt d'fhorbairt scileanna atá ábhartha go díreach d'fhorbairt agus do mhonarú teicneolaíochtaí criticiúla in earnálacha STEP. I bhfianaise na nganntanas leanúnach sna réimsí sin agus an tréimhe a theastaíonn chun inniúlachtaí mar sin a fhorbairt, d'fhéadfadh tionscadail atá ceaptha chun scileanna atá rithábachtach d'fhorbairt mheántéarmach agus fhadtéarmach teicneolaíochtaí criticiúla a fhorbairt cáiliú mar thionscadail STEP. Is gá tacú leis na scileanna sin chun inniúlacht an Aontais chun teicneolaíochtaí criticiúla a fhorbairt agus a mhonarú sa todhchaí a neartú.

Ní féidir tacú le hinniúlachtaí idirdhisciplíneacha forleathana faoi STEP ach sa chás ina chuirtear le scileanna atá sonrach do STEP iad, agus ach amháin más scileanna idirdhisciplíneacha atá ann den chuid is mó. Ní féidir a mheas go rannchuidíonn comhpháirteanna scileanna mar sin ach amháin más eilimintí coimhdeachta iad i dtionscadail STEP níos forleithne agus i gcomhréir le rialacha sonrach don chiste. Tionscadail nó gníomhaíochtaí atá dírithe ar scileanna ginearálta nó idirdhisciplíneacha amháin, níl siad incháilithe mar thionscadail STEP.

Táthar tar éis tacú le tionscadail scileanna a bhaineann le STEP cheana féin faoi roinnt chlár maoinithe de chuid an Aontais amhail an Clár don Eoraip Dhigiteach, Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa, an Ciste um Aistriú Cóir, agus Ciste Sóisialta na hEorpa Plus. Cumhdaítear raon leathan gníomhaíochtaí forbartha scileanna speisialtóireachta sna tionscadail sin atá ábhartha d'fhorbairt agus do mhonarú teicneolaíochtaí criticiúla. Mheasfaí tionscadail lena dtacaítear le cuspóir STEP maidir le scileanna (i.e., aghaidh a thabhairt ar an nganntanas saothair agus scileanna) a bheith ábhartha d'fhorbairt agus do mhonarú teicneolaíochtaí criticiúla. Féadfaidh foirmeacha éagsúla a bheith ar an tacaíocht, lena n-áirítear gairmoideachas agus gairmoiliúint, ardoideachas, oideachas do dhaoine fásta, printíseachtaí, agus socrúcháin fhostaíochta. Ní chuirtear srian ar chineál na gníomhaíochta foghlama i Rialachán STEP, ar choinníoll go dtacaítear sa ghníomhaíocht le forbairt agus le monarú teicneolaíochtaí criticiúla.

Déantar measúnú ar scileanna atá ábhartha do na teicneolaíochtaí san earnáil chosanta de réir na gcritéir céanna leis na hearnálacha STEP eile.

2. **Earnálacha teicneolaíochta STEP**

Tugtar liostaí tásca sa chéad Treoirnóta de réimsí teicneolaíochta agus de theicneolaíochtaí atá incháilithe faoi gach earnáil STEP (féach Roinn 2 den chéad Treoirnóta). Beidh na liostaí sin bailí agus tá siad táscach agus neamhuileghabhálach (i.e., is féidir le teicneolaíochtaí nach liostaítear a bheith ábhartha mar sin féin do STEP). Chun cáiliú mar theicneolaíochtaí criticiúla, ní mór do theicneolaíochtaí tacú le cuspóirí STEP agus ar a laghad coinníoll amháin den dá choinníoll STEP a chomhlíonadh (féach Roinn 3 den chéad Treoirnóta).

Cuirtear eilimintí ar leith isteach ar mhaithe le soiléireacht sa dara Treoirnóta seo, agus baineann siad leis na chéad trí earnáil a chuirtear in iúl i Rialachán STEP agus leis an earnáil nua maidir le teicneolaíochtaí cosanta arna leagadh amach sa mhion-omnibus cosanta.

Faoin Airteagal 2(1)(a) leasaithe de Rialachán STEP, lena n-áirítear pointe (iv) 'teicneolaíochtaí cosanta' anois, tá na hearnálacha seo a leanas faoi raon feidhme STEP:

- **Teicneolaíochtaí digiteacha agus nuálaíocht domhainteicneolaíochta;**
- **Teicneolaíochtaí atá glan agus tíosach ar acmhainní;**
- **Bith-theicneolaíochtaí;**
- **Teicneolaíochtaí Cosanta.**

2.1. *Teicneolaíochtaí digiteacha agus nuálaíocht domhainteicneolaíochta*

Tá na gigeamhonarchana IS ábhartha do STEP ós rud é gur príomh-bhonneagair iad a mheastar go ndéanfar méadú mear ar chumhacht IS leo, lena n-áirítear iad siúd ag a bhfuil acmhainneacht dé-úsáide, atá ar oscailt anois do thacaíocht faoi STEP bunaithe ar an mion-omnibus cosanta.

2.2. *Teicneolaíochtaí atá glan agus tíosach ar acmhainní*

Ó ghlacadh an chéad Treoirnóta STEP i leith, ghlac an Coimisiún gníomh tarmligthe, lena n-áirítear an Iarscríbhinn ⁽⁷⁾ lena leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann leis an nGníomh um an Tionscal Glan-Nialasachta bunaithe ar liosta na dteicneolaíochtaí glan-nialasachta a leagtar amach in Airteagal 4 den Ghníomh sin. Leis an ngníomh tarmligthe seo, liostaítear na teicneolaíochtaí agus fo-chatagóirí na dteicneolaíochtaí glan-nialasachta, chomh maith lena gcríochnaítear agus comhpháirteanna sonracha atá le húsáid den chuid is mó chun teicneolaíochtaí glan-nialasachta a tháirgeadh.

2.3. *Bith-theicneolaíochtaí*

San áireamh leis seo atá táirgí leighis ar liosta táirgí íocshláinte criticiúla an Aontais ⁽⁸⁾ agus a gcomhpháirteanna, agus iad siúd lena dtagraítear sa Ghníomh um Tháirgí Íocshláinte Criticiúla. Tá bith-theicneolaíochtaí, amhail frithbhearta leighis, ag éirí níos ábhartha san earnáil chosanta, lena dtugtar raon leathan deiseanna ó ábhair nua a ndearnadh innealtóireacht orthu go teicneolaíochtaí feabhsaithe daonna.

2.4. *Teicneolaíochtaí cosanta*

I gcomhréir le Rialachán STEP, arna leasú leis an mion-omnibus cosanta, is éard is brí leis an téarma ‘teicneolaíochtaí cosanta’ a úsáidtear i Rialachán STEP ná iad siúd a chorpraítear in, nó atá rithábhachtach d’fhorbairt agus do mhonarú táirgí a bhaineann leis an gcosaint dá dtagraítear san Iarscríbhinn a ghabhann le Treoir 2009/43/CE ⁽⁹⁾, a chomhfhreagraíonn do Liosta Comhchoiteann Míleata an Aontais Eorpaigh ⁽¹⁰⁾. Déanann an Chomhairle an liosta a thabhairt cothrom le dáta go tráthrialta. Chun críocha STEP, déanfar scrúdú ar leagan is déanaí an Liosta a foilsíodh san Iris Oifigiúil. Ní bheidh éifeacht ag aon uasdátú ar Liosta Comhchoiteann Míleata an Aontais Eorpaigh ar bhailíocht na dtionscadal atá ar siúl. Thairis sin, d’fhéadfadh teicneolaíochtaí a bhainfeadh ón liosta le huasdátuithe amach anseo fós a bheith incháilithe do thacaíocht STEP in earnálacha STEP eile ar choinníoll go dtacaíonn siad fós le cuspóirí STEP agus go gcomhlíonann siad coinníoll STEP amháin ar a laghad, agus go gcomhlíonann siad rialacha sonracha an chlár is infheidhme.

Áirítear freisin le teicneolaíochtaí cosanta iad siúd atá ábhartha do Thosaíochtaí Forbartha Cumais an Aontais Eorpaigh ⁽¹¹⁾. Mar sin féin, ba cheart aird ar leith a thabhairt ar na teicneolaíochtaí cosanta atá ábhartha do réimsí inniúlachtaí tosaíochta a shainaithin an Chomhairle Eorpach an 6 Márta 2025 ⁽¹²⁾, is é sin: (i) cosaint aeir agus diuracáin; (ii) córais airtléire, lena n-áirítear cumais domhain-ionsaithe; (iii) diuracáin agus armlón; (iv) dróin agus frithdhróin; (v) cumasóirí straitéiseacha, lena n-áirítear an méid sin i ndáil le cosaint spáis agus bonneagair; (vi) an tsoghluaisteacht mhíleata; agus (vii) cogaíocht chibearchosanta, IS, agus leictreonach. I dteannta leis na seacht réimse inniúlachta tosaíochta sin, cumhdaítear freisin sa Treochlár 2030 maidir le hUllmhacht Cosanta comhrac talún agus muirí.

Thairis sin, i roinnt clár de chuid an Aontais a chumhdaítear faoi STEP tugtar tacaíocht do theicneolaíochtaí ag a bhfuil feidhmeanna féideartha dé-úsáide (i.e. chun críocha sibhialtacha agus cosanta ar aon). D’fhéadfadh an méid seo a leanas a bheith san áireamh le teicneolaíochtaí mar sin ag a bhfuil acmhainneacht dé-úsáide: cibear-réitigh agus réitigh IS ardleibhéil, bonneagar spáis, CBRN ⁽¹³⁾ agus frithbhearta leighis, agus ardábhair áirithe. I gcás ina bhfuil acmhainneacht dé-úsáide ag teicneolaíochtaí, is féidir go mbeadh siad ábhartha faoi roinnt earnálacha STEP. Ní mór a n-incháilitheacht a mheasúnú faoi cheann de na hearnálacha STEP in aghaidh na rialacha clár-shonracha agus coinníollacha STEP.

Má áirítear teicneolaíocht i gceann de na liostaí agus na doiciméid oifigiúla thuasluaite, feadfar é a mheas mar theicneolaíocht atá ábhartha do STEP. Mar sin féin, ní mór di tacú fós le cuspóirí STEP agus ar a laghad coinníoll STEP amháin a chomhlíonadh a mheasfar a bheith criticiúil (féach roinn 3 den chéad Treoirnóta).

⁽⁷⁾ Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/1463 ón gCoimisiún lena leasaítear Rialachán (AE) 2024/1735 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le fo-chatagóirí laistigh de theicneolaíochtaí glan-nialasachta a shainaithint agus liosta na gcomhpháirteanna sonracha a úsáidtear le haghaidh na dteicneolaíochtaí sin. Ar fáil ag: [https://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/TXT/HTML/?uri=PL_COM:C\(2025\)2901](https://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/TXT/HTML/?uri=PL_COM:C(2025)2901).

⁽⁸⁾ <https://www.ema.europa.eu/en/news/first-version-union-list-critical-medicines-agreed-help-avoid-potential-shortages-eu>.

⁽⁹⁾ Treoir 2009/43/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 6 Bealtaine 2009, lena simplítear téarmaí agus coinníollacha aistrithe táirgí a bhaineann le cosaint laistigh den Chomhphobal, ar fáil ag: <http://data.europa.eu/eli/dir/2009/43/oj>.

⁽¹⁰⁾ Ghlac an Chomhairle an Liosta Comhchoiteann Míleata is déanaí an 24 Feabhra 2025 (IO C, C/2025/1499, 6.3.2025), ar fáil ag: <http://data.europa.eu/eli/C/2025/1499/oj>.

⁽¹¹⁾ <https://op.europa.eu/en/publication-detail/-/publication/0b3d446f-7df8-11ee-99ba-01aa75ed71a1>.

⁽¹²⁾ Conclúidí ón gComhairle, Cruinniú urghnách den Chomhairle Eorpach an 6 Márta 2025 (EUCO 6/25), ar fáil ag: <https://www.consilium.europa.eu/media/laemnb31/20250306-european-council-conclusions-ga.pdf>.

⁽¹³⁾ Cosaint cheimiceach, bhith-eolaíoch, raideolaíoch agus núicléach.

Léirítear sa tábla thíos réimsí tosaíochta cumais a shainaithin an Chomhairle Eorpach ⁽¹⁴⁾ (6 Márta 2025), an Treochlár maidir le hUllmhacht Cosanta ⁽¹⁵⁾ (16 Deireadh Fómhair 2025) agus Tosaíocht Forbartha Cumais an Aontais Eorpaigh.

Réimse teicneolaíochta	Samplaí de theicneolaíochtaí (táscach, neamh-uileghabhálach)
Cosaint aeir agus diúracán	Córais cosanta aeir agus diúracán comhtháite ilsrathach, bacóirí aershreibhe, córais braite (radar)
Airtléire agus domhain-ionsú	Córais airtléire, domhain-ionsú fadraoin, ardmhuinisin
Diúracáin agus armlón	Diúracáin threoraithe agus armlón treoraithe, gnáthmhuinisin, soic phléascáin, tiomántáin
Dróin & frithdhróin	Dróin (gach aicme), córais saithe, tarchuradóirí trasnaíochta, córais fhrithdhróin
Cumasóirí straitéiseacha	Sócmhainní spáis agus a gcosaint, feasacht staide an spáis, seirbhísí bunaithe ar an spás amhail Faire na Cruinne, Suí, Loingseoireacht agus Uainiú agus cumarsáid slán, cosaint an bhonneagair chriticiúil, slándáil fuinnimh
Cibearchogaíocht, cogaíocht IS, cogaíocht leictreonach	IS le haghaidh ceannais agus rialaithe, cibearchosaint, cogaíocht faisnéise, oibríochtaí speictrim leictreamaighnéadaigh, lena n-áirítear córais cogaíochta leictreonaí, claochlú digiteach na bhfórsaí armtha, optrónaice agus córais radaimhinicíochta
Soghluaisteacht mhíleata	Acmhainneachtaí ollstórála agus innealtóireachta, lóistíocht inbhuanaithe sholúbtha, monarú suimitheach le haghaidh chothabháil an chomhraic
Comhrac talún	Córais tacaíochta scaoilte neasraoin, córais saighdiúra, córais talún le foireann agus gan fhoireann
Muirí	Feasacht staide muirí, córais comhraic talún agus faoi uisce le foireann agus gan fhoireann, córais cogaíochta frith-fhomhuireáin agus ghrinnill na farraige
Comhrac aeir	Córais comhraic aeir, córas luathrabhaidh aerbheirthe, córais aeriompair laistigh den láthair agus idir láithreacha, rótarárthaí, athbhreoslú san aer
Seiceáil sláinte (lena n-áirítear frithbhearta)	Cogaíocht CBRN lena n-áirítear braiteoirí tiomanta agus córais chosanta, dí-éilliúcháin agus aisghabhála

3. Léiriúchán — cur chuige measúnaithe ardleibhéil

Chun a mheasúnú an bhfuil teicneolaíocht criticiúil faoi STEP agus mar sin an é go dtagann tionscadail faoi raon feidhme STEP, iarrtar ar thionscadail:

- Dul i gcomhairle le Tairseach STEP, lena n-áirítear an leathanach maidir le deiseanna chistiú STEP, ina dtugtar léargas ar (i) samplaí de ghlaonna ar thograí (ar oscailt agus dúnta ar aon) atá ailínithe le STEP agus (ii) samplaí de thionscadail STEP.
- Cuimhneamh ar na liostaí táscacha neamh-uileghabhálacha de réimsí teicneolaíochta faoi gach earnáil STEP sa chéad agus sa dara Treoirnóta (féach roinn 2 den chéad agus den dara Treoirnóta).

Ní leor tionscadail a mheas a bheith ábhartha do STEP chun maoiniú a fháil ón Aontas i gcomhréir le rialacha clárshonracha.

⁽¹⁴⁾ <https://www.consilium.europa.eu/media/laemnb31/20250306-european-council-conclusions-ga.pdf>.

⁽¹⁵⁾ https://defence-industry-space.ec.europa.eu/eu-defence-industry/readiness-roadmap-2030_ga.

Chun a mheasúnú an bhfuil tionscadal ag tacú le teicneolaíocht STEP, déanfar measúnú ar thrí leibhéal, i gcomhréir le Rialachán STEP (mar a shonraítear níos mine i dTreoirnótaí STEP):

(1) Earnálacha STEP

Ba cheart do thionscadail STEP tacú le teicneolaíochtaí faoi cheann ar bith de na ceithre earnáil STEP nó faoi mheascán díobh (teicneolaíochtaí digiteacha agus teicneolaíochtaí doimhne, glana, éifeachtúla maidir le hacmhainní, bith-teicneolaíochtaí, agus teicneolaíochtaí cosanta).

Rialachán STEP, an mion-omnibus cosanta, an chéad agus an dara Treoirnóta agus roinnt gníomhartha ábhartha eile a luaitear sna doiciméid seo; soláthraítear iontu seo roinnt tásca chuige sin. Ní hé nach mbeidh tionscadal incháilithe a bheith ina thionscadal STEP go huathoibríoch más rud é nach líostaítear teicneolaíocht shonrach go sainráite sna doiciméid thuasluaite.

(2) Cuspóirí STEP

Ba cheart do thionscadail STEP tacú le príomhchuspóirí STEP, lena n-áirítear tacú le forbairt agus le monarú teicneolaíochtaí criticiúla ar fud an Aontais, agus ag cosaint agus ag neartú a slabhraí luacha féin, agus/nó ag tabhairt aghaidhe ar na ganntanais saothair agus scileanna. Is minic a bhíonn tionscadail lena mbaineann cur in úsáid réiteach atá ar fáil ar bhonn tráchtála (lena n-áirítear réitigh le ceannach i siopa) lasmuigh de raon feidhme STEP.

(3) Coinníollacha STEP

Mar fhocal scoir, níor cheart do thionscadail STEP tacú ach le teicneolaíochtaí atá aicmithe mar theicneolaíochtaí criticiúla. Chun cáiliú mar theicneolaíochtaí criticiúla, ní mór do theicneolaíochtaí (i) gné atá nuálach, ag teacht chun cinn agus ceannródaíoch ag a bhfuil acmhainneacht shuntasach eacnamaíoch a thabhairt chuig an margadh inmheánach, nó (ii) rannchuidiú le spleáchais straitéiseacha an Aontais a laghdú nó a chosc (féach roinn 3 den chéad Treoirnóta).
